Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# An Ghaeilge - Teanga Chaidrimh na Scoile

## Scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

CC BY NC

# Aidhmeanna na Ceardlainne

Go mbeidh tuiscint níos doimhne agus níos leithne ag na rannpháirtithe ar an nGaeilge mar Theanga Chaidrimh i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Go n-aithneoidh na rannpháirtithe an tábhacht a bhaineann le dul chun cinn na Gaeilge mar theanga chaidrimh i bhfoghlaim acadúil na ndaltaí.

Go mbeidh tuiscint agus teacht ag na rannpháirtithe ar shamplaí dea-chleachtais agus réimse áiseanna a thacaíonn le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga chaidrimh uile-scoile.

Oide

# Leagan Amach na Ceardlainne

| Fócas | Am |
|---|---|
| Tábhacht | 1:45 |
| Seomra Ranga | 13:05 |
| Scoil | 41:35 |





# Comhthéacsanna Difriúla

I  gcás páistí ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad, déantar a dteanga a fhorbairt agus a shaibhriú ar scoil….. Nuair nach cainteoirí dúchais Gaeilge iad na páistí, déantar iad a thumadh sa teanga agus an scoil ag cuidiú le líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge sa Ghaeltacht a mhéadú (CTB 2019, lch 10).


Is trí Ghaeilge a bhíonn rochtain ag páistí i scoileanna lán-Ghaeilge ar an gcuraclam freisin. Cé gurb í an Ghaeilge teanga oibre na scoile, aithnítear nach í teanga an bhaile í d'fhormhór mór na bpáistí….. is áit í an scoil ina mbaintear úsáid as teanga sa saol ó lá go lá (CTB 2019, lch 10).

# Buntáistí an Dátheangachais
















Oiriúnaithe ó Ghaeloideachas

# Deis Mhachnaimh - Cad atá á lorg againn?

Ciallaíonn caighdeán sásúil go dtuigeann na páistí Gaeilge an ranga agus go bhfuil siad in ann pé rud a theastaíonn uathu a rá go líofa (Gaeloideachas).



Oide

Suim


Líofacht

An Ghaeilge mar theanga shóisialta chumarsáide ag na páistí

Dearcadh Dearfach

Cruinneas

Úsáid na Gaeilge i gcomhthéacsanna cuí





## BICS

**Bunscileanna Cumarsáide Idirphearsanta**

- Gnáthchumarsáid shóisialta
- I gcomhthéacs
- Líofacht idir 1-3 bliana

## CALP


**Inniúlacht Teanga Chognaíoch & Acadúil**

- Teanga acadúil
- Comhthéacs teoranta
- Líofacht idir 5-7 mbliana

# Má chuireann tú san earrach, bainfidh tú san fhómhar.




Is í an teanga an príomh-mheán cumarsáide inphearsanta agus idirphearsanta atá againn agus is eochair í d'fhorbairt an pháiste mar dhuine (CTB 2019,  lch. 6)



# Cultúr agus Timpeallacht Teanga a Chruthú


- Timpeallacht Fhisiciúil
- Cultúr Ranga
- Deiseanna Cainte

**Ar Bhonn ...**



# Monalógach V Dialógach

Bíonn seomraí ranga **monalógacha** faoi mhórthionchar ag caint an mhúinteora.  Is iad aithris agus ceistiúchán dúnta na saintréithe a bhaineann le teagasc monalógach.



Leis an teagasc **dialógach** leagtar béim ar an gcomhrá mar a n-éiríonn le daltaí a bheith ag réasúnaíocht, ag plé, ag argóint, ag míniú agus ag freagairt, chun a bhforbairt ar smaointeoireacht ardoird agus a líofacht a fhorbairt.




# Seomra Ranga



# An Ghaeilge

Éireoidh níos fearr leis na páistí ina gcuid ábhar eile scoile trí Ghaeilge má tá Gaeilge mhaith acu agus chuige sin beidh sé ina chabhair mhór dá gcuid Gaeilge má labhraíonn siad í go nádúrtha agus go sóisialta.





## Ábhar Tacaíochta

GAEILGE | TEANGA Ó BHÉAL | Céim 1 - Céim 4

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE: GAEILGE

### Dea-Chleachtais Maidir Le Sóisialú Trí Ghaeilge Do Dhaltaí i Scoileanna Lánghaeilge agus Gaeltachta

**TORTHAÍ FOGHLAMA**
- Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach
- Rannphairtíocht, éisteacht agus aird
- Teanga nádúrtha a dhéanamh de theanga sheomra ranga
- Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile
- Stór focal a shealbhú agus a úsáid
- Tuiscint
- Athinsint agus mionléiriú
- Cur síos, tuar agus machnamh

**Réamhrá**

Tá an-tábhacht ag baint le labhairt na Gaeilge go sóisialta i measc dhaltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna Gaeltachta/ Gaelscoileanna. Ceaptar nach féidir eispéireas iomlán tumoideachais a chur ar fáil mura bhfuil na daltaí ag labhairt na (sprioc) teanga go sóisialta ina measc féin (mar shampla Baker, 2011, Hickey, 1999, Mac Corraidh, 2008). Tá roinnt dea-chleachtais atá i bhfeidhm i roinnt scoileanna i dtaca le sóisialú trí Ghaeilge do dhaltaí i scoileanna Gaeltachta agus lánGhaeilge aitheanta cheana féin (Ní Shéaghdha, 2010). Is éard atá san Ábhar Tacaíochta seo ná nochtadh ar chuid de na slite praiticiúla seo atá éifeachtach chun na páistí a mhealladh i dtreo labhairt na Gaeilge go sóisialta ina measc féin.

Go ginearálta leagann na dea-chleachtais béim ar thábhacht
- Comhoibriú iomlán na foirne scoile i gcur i bhfeidhm agus in athnuachan na ndea-chleachtais
- Cumarsáid éifeacht agus comhoibriú idir múinteoirí agus tuismitheoirí na scoile
- Comhoibriú agus caidreamh moltach idir múinteoirí agus daltaí na scoile

Tá an tÁbhar Tacaíochta seo nasctha le 5 fhiseán a thugann léargas fisiúil ar cuid de na dea-chleachtais seo i scoileanna Gaeltachta. Is iad na dea-chleachtais is suntasaí a tháinig chun cinn le linn an taighde seo ná

1. **Polasaí scoile soiléir** agus nasc láidir leis an bpobal Gaeilge lasmuigh den scoil
2. **Tacaíocht agus Comhoibriú na dTuismitheoirí** le polasaí teanga na Scoile
3. Béim ar imeachtaí atá saibhir ó thaobh na cainte – **Drámaíocht, Scéalaíocht & Amhránaíocht**
4. Aird de shíor ar **chruinneas teanga** agus nathanna saibhre a spreagadh
5. **Feachtais/Duaiseanna** chun labhairt na Gaeilge sa chlós a spreagadh i measc na ndaltaí.

www.curriculumonline.ie
www.ncca.ie/primary



# Gaeilge ó bhéal


*“Tá **líofacht** acu gan dabht ach* **Gaeilge líofa lofa** *a thugaimid uirthi go minic! Is cinnte go bhfuil **easpa cruinnis** ann agus bíonn **struchtúir an Bhéarla** le cluinstin go láidir ina gcuid Gaeilge.”*

Aoife (múinteoir)

Ó Duibhir, 2010



# An Ghaeilge a chur chun cinn mar Theanga Chaidrimh na Scoile










# Curaclam Teanga na Bunscoile




*“Pleanáil a dhéanamh i gcomhréir le* ***riachtanais, buanna agus spéiseanna na leanaí*** *ina seomra ranga”*


**Ciorclán 45/2019**




**Ceisteanna chun tacú le múinteoirí machnamh a dhéanamh ar a n-ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim**


1. Conas a bhailím agus a úsáidim faisnéis faoin páiste/faoi na páistí, faoina réamhfhoghlaim, faoin dul chun cinn go dtí seo, riachtanais, réimsí spéise agus fiosracht?
2. An bhfuil na gníomhaíochtaí ullmhúcháin a dtugaim fúthu ina thacaíocht úsáideach, fheidhmiúil agus phraiticiúil don teagasc agus don fhoghlaim?
3. Conas a roghnaíodh nó a cuireadh na cuir chuige teagaisc a úsáidim in oiriúint chun freastal ar riachtanais, réimsí spéise agus cumais gach linbh?

# Curaclam Teanga na Bunscoile






# Tús Maith



# Tús maith leath na hoibre

Frásaí, nathanna agus abairtí **a roghnú** don cheacht Gaeilge a chuirfidh ar chumas na leanaí:


- **gnásanna a tharlaíonn go rialta** ar scoil a chur i gcrích trí Ghaeilge
- **rudaí a bhfuil spéis acu iontu a rá as Gaeilge**



Ullmhaigh ionas

- **go n-úsáidfear** an Ghaeilge a fhoghlaimítear
- **go gceanglófar** frásaí nua lena bhfuil ar eolas cheana
- **gur foghlaim charnach** a bheidh ann








Ceart go leor. Fan go fóill. Brostaigh.
Ar aghaidh leat. Go raibh maith agat.
Fáilte romhat. Gabh mo leithscéal.
An bhfuil sibh réidh/ullamh? Tá/Níl
Tá brón orm. An bhfuil tú ceart go leor?
Is féidir liom. Ní féidir liom. An féidir leat ….?
Ar fheabhas. Go hiontach. Go breá. Maith sibh. Tá sé sin go maith. Maith thú.
Go deas. Go maith. Tá tú an-mhaith.


Dia duit. Dia daoibh. Dia is Muire duit.
Dia is Muire duit/daoibh.
Tá fáilte romhat. Tar isteach. Conas atá tú?
Is mise Seán. Seo í Máire. Cé tusa?
Slán anois. Slán go fóill.
Slán agus go raibh maith agat.
Lá breithe sona duit. Go maire tú do bhróga nua. Comhghairdeas. Tá brón orm.
A Mhúinteoir. A Mháire.
Tar anseo. Gabh i leith. Gabh mo leithscéal.
Is liomsa é sin. Ní leat, is liomsa é.
Ní liomsa é. Tá mo chótasa gorm.



# Tús maith leath na hoibre



# Amhránaíocht





| | Torthaí Foghlama don Teanga ó Bhéal (T1) | |
|---|---|---|
| **Gné** | **Uimhir agus Lipéad** | **Céim 1:** Naíonáin shóisearacha agus naíonáin shinsearacha<br><br>Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla ba cheart go mbeadh páistí in ann |
| **Fiosrú agus úsáid** | 7. Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe | Ceisteanna a chur agus freagraí a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla de réir mar is gá, chun cabhair a lorg, teacht ar eolas agus ar thuiscint, agus chun smaointeoireacht a shoiléiriú agus a leathnú. LO7, SI+2 |

**’Bhfuil sé in am lóin**, in am lóin, in am lóin?
‘Bhfuil sé in am lóin?
Níl go fóill.

‘Bhfuil sé in am lóin,
in am lóin, in am lóin?
‘Bhfuil sé in am lóin?
Tá, a stór.



*Deirdre Uí Ghrádaigh*

# Gaeilge sa Chlós



Oide

## Tá Teidí ag Siúl

**Tá teidí ag siúl**,
Tá teidí ag siúl,
Hé hó mo Dhaidí ó,
Tá teidí ag siúl.



**Thit teidí bocht**,
Thit teidí bocht,
Hé hó mo Dhaidí ó,
Thit teidí bocht.

**Tá teidí ag caoineadh**,
Tá teidí ag caoineadh,
Hé hó mo Dhaidí ó,
Tá teidí ag caoineadh.

**Ach tá teidí ceart go leor**,
Tá teidí ceart go leor,
Hé hó mo Dhaidí ó,
Tá teidí ceart go leor.

**Torthaí Foghlama don Teanga ó Bhéal (T1)**

| Gné | Uimhir agus Lipéad | Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus naíonáin shinsearacha<br>Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla ba cheart go mbeadh páistí in ann | Céim 2: Rang 1 agus Rang 2<br>Trí eispéiris chuí foghlama tarraingtí ba cheart go mbeadh páistí in ann |
|---|---|---|---|
| Fiosrú agus úsáid | 12. Cur síos, tuar agus machnamh | Cur síos a dhéanamh ar ghníomhartha, imeachtaí agus próisis a bhaineann le fíor-chomhthéacsanna agus le comhthéacsanna samhlaíocha, iad a thuar agus machnamh a dhéanamh orthu. LO12, SI+2 | |


## Teidí Tinn



Teidí beag álainn, teidí beag buí,
**Thit sé sa pháirc/sa chlós  agus tá sé an-tinn**;
Tá sé ina leaba bheag, **tá sé ina luí**,
Teidí beag álainn, teidí beag buí.

**Ghortaigh sé a cheann** agus
**ghortaigh sé a shúil**,
**Ghortaigh sé a lámha**,
**ghortaigh sé a ghlúin**:
Tá sé ina leaba bheag, tá sé ina luí,
Teidí beag álainn, teidí beag buí.

# Gaeilge sa Chlós




| Rang | Cluichí | Feidhmeanna Teanga | Eiseamláirí |
|---|---|---|---|
| Rang 1 agus 2 | Aimsigh agus folaigh | Magadh faoi dhuine<br>Maíomh | Téigí i bhfolach.<br>Déanfaidh mé comhaireamh go dtí a 10<br>Táim ag teacht.<br>Cá bhfuil sibh?<br>An bhfuil sibh réidh?<br>An bhfuil sibh réidh, tá nó níl?<br>Aimsithe!<br>Tá buaite agam/againn.<br>Sinne na buaiteoirí! |





| Clár | Lch. |
|---|---|
| **Cuid 1:** Cluichí Clóis: Ceachtanna | 7 |
| **Cuid 2:** Cluichí Clóis: Sealbhú na Teanga | 35 |
| **Cuid 3:** Cruinneas na Cainte | 89 |
| **Cuid 4:** Spreagadh na Cainte | 127 |
| **Cuid 5:** Cluichí Clóis – Moltaí | 146 |





## Cuid 2

| Ábhar agus Feidhm Teanga | Naíonáin | Ranganna 1&2 | Ranganna 3&4 | Ranganna 5&6 |
|---|---|---|---|---|
| **Iarratais**<br>Dul i gcion ar dhuine: iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh nó éileamh ar dhuine rud éigin a dhéanamh. | Ceangail m'iallacha, le do thoil.<br>An bhfuil cead agam mo chóta a fháil/seasamh sa líne?<br>An bhfuilimid ag dul amach sa chlós?<br>Ar bhuail an clog?<br>Oscail/Dún ________, le do thoil.<br>Tá cabhair uaim.<br>Go raibh maith agat.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir na Naíonán Sóisir*<br>An imreoidh tú liomsa?<br>Cá bhfuil tú i bhfolach?<br>Brostaigh ort nó beidh tú gafa!<br>Imigh leat!<br>Bailigh leat!<br>Ba mhaith liom cluiche ________ a imirt.<br>Ná tabhair aon aird air/uirthi.<br>Tá sé/sí chun tosaigh/deiridh.<br>Táimse chun tosaigh sa líne.<br>Táimse ar chúl.<br>Táimse i lár baill. | An bhfuil cead agam súgradh ar an bhféar/breis ama a fháil?<br>Ar mhaith leat súgradh liom?<br>An mbeidh cead againn an lón beag a chríochnú nuair a rachaimid isteach?<br>An mbainfidh tú an craiceann den bhanana?<br>An bhfuil an cloigín buailte?<br>An bhfuil cead agam bheith chun tosaigh?<br>An bhfuil cead agam an liathróid a fháil?<br>An féidir linn rince/canadh duit?<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 1*<br>An bhfuil cead agam súgradh ar an bhféar?<br>An bhfuil cead againn breis ama a fháil?<br>An mbeidh cead againn an lón a chríochnú nuair a rachaimid isteach?<br>An bhfuil cead agam bheith chun tosaigh?<br>An bhfuil cead againn dul suas go dtí an clós? | An malartóidh tú liomsa?<br>An roinnfidh tú liom?<br>An imreoidh tú cluiche tóraíochta?<br>An bhfuil an t-am istigh?<br>Teastaíonn ón múinteoir labhairt le..<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 2*<br>An malartóidh tú liomsa?<br>An imreoidh tú liom?<br>An bhfuil an t-am istigh?<br>Beir air.<br>An féidir liom é a thógáil arís? Tóg arís é!<br>Isteach sa bhosca.<br>Buail é.<br>Buail amach go hard/go láidir é.<br>Ná buail fós é.<br>Déan balla.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 3*<br>An roinnfidh tú liom?<br>Teastaíonn ón múinteoir labhairt le ________.<br>Téigh isteach!<br>Cad é an scór?<br>Cé atá ag buachan?<br>Fanaigí siar.<br>Iarr ar ________ é a thógáil.<br>Fan le ________<br>An féidir linne an corn a thógáil? | An bhféadfainn mo chóta a fháil/dul go dtí an leithreas/súgradh/imirt libh?<br>Ar buaileadh an clog cheana féin?<br>Cén fad atá fágtha?<br>Cén t-am is gá dúinn an bainne a dháileadh?<br>Tá fuílleach fágtha.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 4*<br>Ar buaileadh an clog cheana féin?<br>Cén fad atá fágtha?<br>Tá fuílleach fágtha.<br><br>*Dul siar ar fhoclóir Rang 5*<br>An bhféadfainn mo chóta a fháil?<br>An bhféadfainn dul go dtí an leithreas?<br>An bhféadfainn súgradh/imirt libh?<br>Cén t-am is gá dúinn an bainne a dháileadh? |




Oide

# Gaeilge sa Chlós























# Samplaí Dea-Chleachtais Eile


padlet



# Cruinneas



# Easpa Cruinnis

Ábhar Tacaíochta

GAEILGE | TEANGA Ó BHÉAL | Céim 1 - Céim 4

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE: GAEILGE

## Struchtúr Abairte agus Gramadach

**TORTHAÍ FOGHLAMA**
- Struchtúr Abairte agus Gramadach

**Cruinneas na Teanga sa scoil Lán-Ghaeilge**

Moltar aird a dhíriú ar bhrí agus ar fhoirm na teanga mar bhunphrionsabal de mhúineadh éifeachtach teanga (Ellis, 2005). Ní mór go mbeadh deis ag foghlaimeoirí óga ar theanga a fhoghlaim trí ghníomhaíochtaí cumarsáide mar aon le ceachtanna struchtúrtha teanga (Harris & Ó Duibhir, 2011). Foghlaimíonn foghlaimeoirí lán-Ghaeilge go leor Gaeilge ó bheith tumtha sa teanga. Cuireann an córas tumoideachais brú ar fhoghlaimeoirí cumarsáid a dhéanamh go tapa, áfach, agus is minic nach mbíonn neart ama ag foghlaimeoirí le próiseáil a dhéanamh ar struchtúir na teanga. Toisc go mbíonn foghlaimeoirí tumoideachais ag plé le foghlaimeoirí eile a bhfuil teanga mhíchruinn acu i rith an lae, is minic nach dtugann siad an struchtúr cruinn faoi deara in ionchur teanga an mhúinteora. Úsáideann foghlaimeoirí tumoideachais cód-mheascadh, is é sin go gcuireann siad comhréir na máthairtheanga i bhfeidhm agus iad ag labhairt na tumtheanga. Má úsáideann foghlaimeoirí struchtúir mhí-chruinne go rialta, tar éis tamaill reonn na struchtúir mhíchruinne in inchinn na bhfoghlaimeoirí. Nuair a bhíonn sprioc na cumarsáide bainte amach ag



foghlaimeoirí tumoideachais bíonn spreagadh uathu le teanga níos cruinne a úsáid. Ní mór aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar fhoirm na teanga sa bhunscoil lán-Ghaeilge le cabhrú leo struchtúir chruinne a **thabhairt faoi deara** agus a shealbhú go cruinn ó na luathbhlianta ar aghaidh.

www.curriculumonline.ie
www.ncca.ie/primary

1

brú cumarsáide

foghlaimeoirí ag plé le foghlaimeoirí eile

comhréir na máthairtheanga

Má úsáideann foghlaimeoirí struchtúir mhíchruinne go rialta, tar éis tamaill reonn na struchtúir mhíchruinne in inchinn na bhfoghlaimeoirí.




# Curaclam Teanga na Bunscoile


| | Torthaí Foghlama don Teanga ó Bhéal (T1) | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Gné** | **Uimhir agus Lipéad** | **Céim 1:** Naíonáin shóisearacha agus naíonáin shinsearacha<br><br>Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla ba cheart go mbeadh páistí in ann | **Céim 2:** Rang 1 agus Rang 2<br><br>Trí eispéiris chuí foghlama tarraingtí ba cheart go mbeadh páistí in ann | **Céim 3:** Rang 3 agus Rang 4<br><br>Trí eispéiris chuí foghlama tarraingtí ba cheart go mbeadh páistí in ann | **Céim 4:** Rang 5 agus Rang 6<br><br>Trí eispéiris chuí foghlama tarraingtí ba cheart go mbeadh páistí in ann |
| **Tuiscint** | 4. Struchtúr abairte agus gramadach | Úsáid a bhaint as abairtí sothuigthe a éiríonn níos cuimsithí de réir a chéile, ina bhfuil an aimsir, ord na bhfocal agus struchtúr na habairte ceart, agus sainmhíniú cuía thabhairt, le tacaíocht de réir mar is gá. LO4, S1+2 | Úsáid a bhaint as abairtí sothuigthe a éiríonn níos deacra de réir a chéile, ina bhfuil ord na bhfocal agus struchtúr na habairte ceart, agus úsáid a bhaint as nascfhocail, comhabairtí agus abairtí casta chun sainmhíniú cuí a thabhairt. LO4, S1+2 | Éagsúlacht a léiriú i bhfad agus i bhfoirm abairtí, bogadh go réidh idir réimse abairtí, idir shimplí, chomhshuite agus chasta, de réir mar a oireann don lucht éisteachta, don fheidhm agus don teanga atá á labhairt.<br><br>Úsáid chuí na gramadaí a léiriú agus difríochtaí idir struchtúr abairte agus struchtúr gramadaí a aithint i dteangacha agus i gcanúintí éagsúla.. LO4, S3+4 | |

# Stop → Smaoinigh → Scríobh

Cad a dhéanann tú má chloiseann tú Gaeilge mhíchruinn á labhairt ag na leanaí i do scoil?



# Botúin Choitianta


Ábhar Tacaíochta

GAEILGE | TEANGA Ó BHÉAL | Céim 1 - Céim 4

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE: GAEILGE

## Dea-Chleachtais Maidir Le Sóisialú Trí Ghaeilge Do Dhaltaí i Scoileanna Lánghaeilge agus Gaeltachta

**TORTHAÍ FOGHLAMA**

- Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach
- Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird
- Teanga nádúrtha a dhéanamh de theanga sheomra ranga
- Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile
- Stór focal a shealbhú agus a úsáid
- Tuiscint
- Athinsint agus mionléiriú
- Cur síos, tuar agus machnamh

**Réamhrá**

Tá an-tábhacht ag baint le labhairt na Gaeilge go sóisialta i measc dhaltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna Gaeltachta/Gaelscoileanna. Ceaptar nach féidir eispéireas iomlán tumoideachais a chur ar fáil mura bhfuil na daltaí ag labhairt na (sprioc) teanga go sóisialta ina measc féin (mar shampla Baker, 2011, Hickey, 1999, Mac Corraidh, 2008). Tá roinnt dea-chleachtais atá i bhfeidhm i roinnt scoileanna i dtaca le sóisialú trí Ghaeilge do dhaltaí i scoileanna Gaeltachta agus lánGhaeilge aitheanta cheana féin (Ní Shéaghdha, 2010). Is éard atá san Ábhar Tacaíochta seo ná nochtadh ar chuid de na slite praiticiúla seo atá éifeachtach chun na páistí a mhealladh i dtreo labhairt na Gaeilge go sóisialta ina measc féin.

Tá an tÁbhar Tacaíochta seo nasctha le 5 fhíseán a thugann léargas físiúil ar cuid de na dea-chleachtais seo i scoileanna Gaeltachta. Is iad na dea-chleachtais is suntasaí a tháinig chun cinn le linn an taighde seo ná

1. **Polasaí scoile soiléir** agus nasc láidir leis an bpobal Gaeilge lasmuigh den scoil
2. **Tacaíocht agus Comhoibriú na dTuismitheoirí** le polasaí teanga na Scoile
3. Béim ar imeachtaí atá saibhir ó thaobh na cainte – **Drámaíocht, Scéalaíocht & Amhránaíocht**
4. Aird de shíor ar **chruinneas teanga** agus nathanna saibhre a spreagadh
5. **Feachtais/Duaiseanna** chun labhairt na Gaeilge sa chlós a spreagadh i measc na ndaltaí.

www.curriculumonline.ie

www.ncca.ie/primary

Nuair a chuirtear béim ar cheartú na bpríomhbhotún a dhéanann daltaí sa chaint i bhfoirm spraíúil sna ranganna agus lasmuigh dóibh, ceaptar go spreagann sé na daltaí i mbun cainte as Gaeilge.

# Botúin Choitianta

**Tá sé** cara an-mhaith.

Chuaigh sé **a fheiceáil an cluiche**.

Chonaic mé **cúpla daoine** ann.

Ní mh**iste** liom dul ann.

Bhuail Pól **le mé**.

Is maith liom **ag** snámh.


Ar rug tú ar an liathróid?

**Sea**!

# Botúin Choitianta



Mar sin tá ***Bhuail Pól liom.*** ceart agus tá ***Bhuail Pól le mé.*** mícheart.



**Ábhar Tacaíochta**

GAEILGE | TEANGA Ó BHÉAL | LÉITHEOIREACHT | SCRÍBHNEOIREACHT | Céim 1 agus Céim 2

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE GAEILGE

## Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna gramadaí i nGaeilge foghlaimeoirí

### Struchtúr abairte agus gramadach maidir le hiarrataí agus ceisteanna

**TORTHAÍ FOGHLAMA**

*Coincheapa, meonta agus scileanna na bpáistí a fhorbairt i ndáil le:*

**Teanga ó Bhéal:**

4. Struchtúr abairte agus gramadach

**Léitheoireacht:**

3. Gnásanna cló

**Scríbhneoireacht:**

3. Gnásanna cló agus struchtúr abairte

Sa treoir seo, déanaimid moltaí maidir le conas is féidir trí ghné de ghramadach na Gaeilge a mhúineadh, gnéithe a chruthaíonn deacracht leanúnach do dhaltaí i scoileanna Gaeilge agus i scoileanna Béarla.

Is iad sin:

- úsáid na copaile
- ord na focal i gclásail infinideacha
- forainmneacha réamhfhoclacha (*'liom', 'dom', 'orm'*)

Is minic a shealbhaíonn daltaí earráidí sna réimsí gramadaí sin, cé go ndéanann siad dul chun cinn ar chineálacha eile struchtúir abairte a úsáid. Cé go gcloiseann siad na struchtúir sin in úsáid ag múinteoirí, ní cosúil gur leor sin chun máistreacht a fháil orthu.

### (i) AN CHOPAIL

Is minic a úsáideann páistí an briathar substainteach, an briathar *bí*, nuair ba cheart dóibh an chopail – *is* – a úsáid. Ní thuigeann go leor daltaí go gcaithfear an chopail a úsáid nuair is ainmfhocal nó frása ainmfhoclach é an comhlánú, agus mar sin, deir siad, mar shampla,

*'Tá Seán múinteoir'* atá mícheart, seachas *'Is múinteoir é Seán'*

Cineálacha teagaisc a mholtar:

1. Míniú simplí gramadaí ar na struchtúir
2. Péirí íosdifríochta le cur de ghlanmheabhair. Ach na péirí sin a fhoghlaim tugtar bealach gasta don dalta an struchtúr ceart a mheabhrú dó féin, ar féidir leis dul ina muinín nuair a bhíonn amhras air.
3. Gníomhaíochtaí inar gá an fhoirm cheart a úsáid.

### Míniú ar an ngramadach

Murab ionann agus an Béarla, tá dhá bhealach ann sa Ghaeilge chun 'to be' a chur in iúl, ag brath ar cibé acu is aidiacht ('He is tall') nó ainmfhocal nó ainmfhocal agus aidiacht ('He is a man' nó 'He is a tall man') a chomhlánaíonn 'to be'.

Úsáidtear an briathar 'bí' sa Ghaeilge nuair a dhéantar cur síos ar mhaoin duine nó rud éigin (i bhfoirm aidiachta de ghnáth). Ní féidir *'bí'* a úsáid más ainmfhocal é a chomhlánú:

*Tá sé ard* ✓ *Tá sé fear* ✗ *Tá sé fear ard* ✗

www.curriculumonline.ie
www.ncca.ie/primary

68


## Cineálacha teagaisc a mholtar:

1. Míniú ar an ngramadach



# Botúin Choitianta

Bhuail Pól **le mé**.



# Ábhar Tacaíochta

GAEILGE | TEANGA Ó BHÉAL | LÉITHEOIREACHT | SCRÍBHNEOIREACHT | Céim 1 agus Céim 2

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE
GAEILGE

## Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna gramadaí i nGaeilge foghlaimeoirí

### Struchtúr abairte agus gramadach maidir le hiarrataí agus ceisteanna

**TORTHAÍ FOGHLAMA**

*Coincheapa, meonta agus scileanna na bpáistí a fhorbairt i ndáil le:*

**Teanga ó Bhéal:**

4. Struchtúr abairte agus gramadach

**Léitheoireacht:**

3. Gnásanna cló

**Scríbhneoireacht:**

3. Gnásanna cló agus struchtúr abairte

Sa treoir seo, déanaimid moltaí maidir le conas is féidir trí ghné de ghramadach na Gaeilge a mhúineadh, gnéithe a chruthaíonn deacracht leanúnach do dhaltaí i scoileanna Gaeilge agus i scoileanna Béarla.

Is iad sin:

- úsáid na copaile
- ord na focal i gclásail infinideacha
- forainmneacha réamhfhoclacha (*'liom', 'dom', 'orm'*)

Is minic a shealbhaíonn daltaí earráidí sna réimsí gramadaí sin, cé go ndéanann siad dul chun cinn ar chineálacha eile struchtúir abairte a úsáid. Cé go gcloiseann siad na struchtúir sin in úsáid ag múinteoirí, ní cosúil gur leor sin chun máistreacht a fháil orthu.

### (i) AN CHOPAIL

Is minic a úsáideann páistí an briathar substainteach, an briathar *bí*, nuair ba cheart dóibh an chopail – *is* – a úsáid. Ní thuigeann go leor daltaí go gcaithfear an chopail a úsáid nuair is ainmfhocal nó frása ainmfhoclach é an comhlánú, agus mar sin, deir siad, mar shampla,

*'Tá Seán múinteoir'* atá mícheart, seachas *'Is múinteoir é Seán'*

Cineálacha teagaisc a mholtar:

1. Míniú simplí gramadaí ar na struchtúir
2. Péirí íosdifríochta le cur de ghlanmheabhair. Ach na péirí sin a fhoghlaim tugtar bealach gasta don dalta an struchtúr ceart a mheabhrú dó féin, ar féidir leis dul ina muinín nuair a bhíonn amhras air.
3. Gníomhaíochtaí inar gá an fhoirm cheart a úsáid.

### Míniú ar an ngramadach

Murab ionann agus an Béarla, tá dhá bhealach ann sa Ghaeilge chun 'to be' a chur in iúl, ag brath ar cibé acu is aidiacht ('He is tall') nó ainmfhocal nó ainmfhocal agus aidiacht ('He is a man' nó 'He is a tall man') a chomhlánaíonn 'to be'.

Úsáidtear an briathar 'bí' sa Ghaeilge nuair a dhéantar cur síos ar mhaoin duine nó rud éigin (i bhfoirm aidiachta de ghnáth). Ní féidir *'bí'* a úsáid más ainmfhocal é a chomhlánú:

*Tá sé ard* ✓ *Tá sé fear* ✗ *Tá sé fear ard* ✗

www.curriculumonline.ie
www.ncca.ie/primary

68

| le Pól | leis |
|---|---|
| ar Mháire | uirthi |
| do sinn/ muid | dúinn |
| chuig mé | chugam |

**Cineálacha teagaisc a mholtar:**

1. Míniú ar an ngramadach
2. Péirí íosdifríochta le cur de ghlanmheabhair

# Botúin Choitianta

Bhuail Pól **le** **mé**.

Oide

## Ábhar Tacaíochta

GAEILGE | TEANGA Ó BHÉAL | LÉITHEOIREACHT | SCRÍBHNEOIREACHT | Céim 1 agus Céim 2

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE
GAEILGE

### Aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna gramadaí i nGaeilge foghlaimeoirí

**Struchtúr abairte agus gramadach maidir le hiarrataí agus ceisteanna**

**TORTHAÍ FOGHLAMA**

*Coincheapa, meonta agus scileanna na bpáistí a fhorbairt i ndáil le:*

**Teanga ó Bhéal:**

4. Struchtúr abairte agus gramadach

**Léitheoireacht:**

3. Gnásanna cló

**Scríbhneoireacht:**

3. Gnásanna cló agus struchtúr abairte

Sa treoir seo, déanaimid moltaí maidir le conas is féidir trí ghné de ghramadach na Gaeilge a mhúineadh, gnéithe a chruthaíonn deacracht leanúnach do dhaltaí i scoileanna Gaeilge agus i scoileanna Béarla.

Is iad sin:

- úsáid na copaile
- ord na focal i gclásail infinideacha
- forainmneacha réamhfhoclacha (*'liom', 'dom', 'orm'*)

Is minic a shealbhaíonn daltaí earráidí sna réimsí gramadaí sin, cé go ndéanann siad dul chun cinn ar chineálacha eile struchtúir abairte a úsáid. Cé go gcloiseann siad na struchtúir sin in úsáid ag múinteoirí, ní cosúil gur leor sin chun máistreacht a fháil orthu.

**(i) AN CHOPAIL**

Is minic a úsáideann páistí an briathar substainteach, an briathar *bí*, nuair ba cheart dóibh an chopail – *is* – a úsáid. Ní thuigeann go leor daltaí go gcaithfear an chopail a úsáid nuair is ainmfhocal nó frása ainmfhoclach é an comhlánú, agus mar sin, deir siad, mar shampla,

*'Tá Seán múinteoir'* atá mícheart, seachas *'Is múinteoir é Seán'*

Cineálacha teagaisc a mholtar:

1. Míniú simplí gramadaí ar na struchtúir
2. Péirí íosdifríochta le cur de ghlanmheabhair. Ach na péirí sin a fhoghlaim tugtar bealach gasta don dalta an struchtúr ceart a mheabhrú dó féin, ar féidir leis dul ina muinín nuair a bhíonn amhras air.
3. Gníomhaíochtaí inar gá an fhoirm cheart a úsáid.

**Míniú ar an ngramadach**

Murab ionann agus an Béarla, tá dhá bhealach ann sa Ghaeilge chun 'to be' a chur in iúl, ag brath ar cibé acu is aidiacht ('He is tall') nó ainmfhocal nó ainmfhocal agus aidiacht ('He is a man' nó 'He is a tall man') a chomhlánaíonn 'to be'.

Úsáidtear an briathar 'bí' sa Ghaeilge nuair a dhéantar cur síos ar mhaoin duine nó rud éigin (i bhfoirm aidiachta de ghnáth). Ní féidir *'bí'* a úsáid más ainmfhocal é a chomhlánú:

*Tá sé ard* ✓ *Tá sé fear* ✗ *Tá sé fear ard* ✗

www.curriculumonline.ie
www.ncca.ie/primary



**Cineálacha teagaisc a mholtar:**

1. Míniú ar an ngramadach
2. Péirí íosdifríochta le cur de ghlanmheabhair
3. Gníomhaíochtaí inar gá an fhoirm cheart a úsáid

**Míreanna Mearaí**


**réamhfhocal + forainm = forainm réamhfhoclach**

*(treoracha don chluiche ar fáil san Ábhar Tacaíochta)*

Oide

# Cleachtadh a dhéanann máistreacht

Séideán Sí




Snas ar Scéal!



Cad é an réamhfhocal atá de dhíth?



Cad é an réamhfhocal atá de dhíth?




teanglann.ie

focloir.ie

Oide

# Prionta sa Timpeallacht


Ar rug tú ar an liathróid?


**Sea**!


Chonaic mé **cúpla daoine** ann.





Freagair an cheist leis an mbriathar sa cheist.






An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Póstaeir ar na Botúin is Coitianta

Póstaeir dírithe ar chruinneas Gaeilge, bunaithe ar na botúin is coitianta a dhéanann daltaí:



# Teagasc Foirm-Dhírithe



Ábhar Tacaíochta

GAEILGE | TEANGA Ó BHÉAL | Céim 1 - Céim 4

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE: GAEILGE

## Struchtúr Abairte agus Gramadach

**TORTHAÍ FOGHLAMA**

- Struchtúr Abairte agus Gramadach

**Cruinneas na Teanga sa scoil Lán-Ghaeilge**

